Cuntas Leithreasa 2013

# Vóta 35

# Pinsin Airm

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 35, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 ar phá scoir, pinsin, cúiteamh, liúntais agus aiscí ar iníoctha iad faoi il-reachtanna i leith nó i ndáil le baill d'Óglaigh na hÉireann agus Eagrais Mhíleata áirithe eile, srl., agus ar il-ranníocaíochtaí agus il-chaiteachais a mbaineann leis sin; ar liúntais leanaí seach-reachtúla áirithe agus íocaíochtaí eile agus ar ildeontais

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2013, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsaid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €201,545 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den chuntas seo a Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Cheann Oifige. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais,
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta,
- cinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cuí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d’aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Maurice Quinn**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cosanta

27 Feabhra 2014

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 35 pinsin Airm

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 35 Pinsin Airm don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn/(h)Oifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na nGnáthamh Airgeadais Phoiblí.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 35 Pinsin Airm don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Cosaint. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

29 Lúnasa 2014

# Vóta 35 Pinsin Airm

## Cuntas Leithreasa 2013

| | | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| A | Foráil le haghaidh shochair phinsin Óglaigh na hÉireann | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 214,812 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 9,000 | 223,812 | 223,667 | 243,849 |
| | **Olliomlán** | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 214,812 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 9,000 | **223,812** | **223,667** | **243,849** |
| | *Bain de* | | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 6,000 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (400) | **5,600** | **5,657** | **5,940** |
| | **Glaniomlán** | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 208,812 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 9,400 | | | |
| | | | **218,212** | **218,010** | **237,909** |

**Farasbarr don bhliain**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr don bhliain | 201,545 | 4,732 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 103 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (20) | 83 | 80 | 81 |
| | | | 83 | 80 | 81 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2013

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | 223,587 | 243,768 |
| Pá | 69 | 69 |
| Caiteachas eile | 11 | 12 |
| **Olliomlán** | **223,667** | **243,849** |
| Bain de | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | **5,657** | **5,940** |
| **Caiteachas díreach** | **218,010** | **237,909** |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | 1,851 | 1,738 |
| **Costas glan clár** | **219,861** | **239,647** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara déanta de na méideanna seo a leanas i ndáil le Vóta 35 a tabhaíodh in áit eile agus méideanna iompartha ar an vóta maidir le tuarastail riaracháin agus seirbhísí eile:

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 151 | — |
| Vòta 36 Cosanta | m | 1,700 | 1,738 |
| | | 1,851 | 1,738 |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2013

| | Nóta | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 237 | 5 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.3 | 2 | 9 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **239** | **14** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.4 | 38 | 10 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.5 | 201 | 4 |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **239** | **14** |
| **Glansócmhainní Reatha** | | — | — |
| **Glansócmhainní** | | — | **—** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | — | — |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2013** | **2012** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | — | — |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 218,212 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (202) | | |
| Vóta glan | | | 218,010 | 237,909 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 1,851 | 1,738 |
| Costas glan clár | 1 | | (219,861) | (239,647) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | — | — |

## 2.2 Banc agus Airgead Tirim

| Ag 31 Nollaig | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid an Phámhástir Ghinearálta agus airgead tirim | 239 | 414 |
| Orduithe Íochaíochta gan Íoc | (2) | (409) |
| | 237 | 5 |

## 2.3 Iarmhéideanna Eile Dochair

| Ag 31 Nollaig | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Fionraí agus Asbhaintí ó Thuarastail | 2 | 9 |
| | 2 | 9 |

## 2.4 Iarmhéideanna eile creidmheasa

| Ag 31 Nollaig | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna creidmheasa | | |
| Cáin ioncaim | 6 | 4 |
| | 6 | 4 |
| Fionraí agus asbhaintí ó thuarastail | 32 | 6 |
| | 38 | 10 |

## 2.5 Glandliteanas don Státchiste

| Ag 31 Nollaig | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le tabhairt suas | 202 | 5 |
| Deontas an státchiste nár tarraingíodh | (1) | (1) |
| Glandliteanas don Státchiste | 201 | 4 |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 237 | 5 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 2 | 9 |
| | 239 | 14 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Méideanna dlite don Stát | (6) | (4) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí agus asbhaintí ó thuarastail | (32) | (6) |
| | (38) | (10) |
| | 201 | 4 |

## 3 Caiteachas Cláir réir fo-mhírcheann

| | | | | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim soláthraithe sa mheastachán | | Toradh | | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| **A** | **Foráil le haghaidh shochair phinsin Óglaigh na hÉireann** | | | | | | |
| A.1 | Riarachàn - Pà | | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 103 | | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | (20) | 83 | 80 | | 81 |
| A.2 | Scéimeanna Fórsaí Cosanta (Pinsin) agus íocaíochtaí maidir le seirbhís aistrithe | | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 204,409 | | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 9,880 | 214,289 | 214,184 | | 233,953 |
| A.3 | Pinsin chréachta agus mhíchumais, liúntais agus aiscí d'iarbhaill nó maidir le hiarbhaill na nÓglach | | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 9,210 | | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | (545) | 8,665 | 8,635 | | 8,816 |
| A.4 | Íocaíochtaí maidir le hathlaochra Chogadh na Saoirse | | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 790 | | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | (65) | 725 | 724 | | 926 |
| A.5 | Íocaíochtaí cúitimh | | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 200 | | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | (190) | 10 | 6 | | 8 |
| A.6 | Fearais liachta, costais taistil agus teagmhasacha | | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 100 | | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | (60) | 40 | 38 | | 65 |
| | | | | 223,812 | 223,667 | | 243,849 |

**Athruithe suntasacha**

Bhí meastachán forlíontach €9.88 milliún ag teastáil ar Fho-Mhírcheann A2 chun na costais a bhain le tuilleadh pinsinéirí Airm a bheith ann a íoc. Bhí sé seo fritháirithe go páirteach ag coigiltis €880,000 ar na fo-cheannteidil eile. San iomlán, bhí an glanchaiteachas i dtaca leis an gClár €201,545 ní b'ísle ná mar a soláthraíodh nuair a chuirtear an barrachas €57,000 ar leithreasaí i gcabhair san áireamh.

Ba 11,947 meán-líon na bpinsean a bhí á n-íoc in 2013.

# 4 Fáltais

**4.1 Leithreasaí-i-gcabhair**

| | | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Ranníocaíochtaí le Scéimeanna Pinsin na bhFórsaí Cosanta um Chéilí agus Leanaí | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 4,447 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (422) | 4,025 | 4,122 | 4,406 |
| 2. | Ranníocaíochtaí le (Príomh) Scéimeanna Pinsean Ranníocach Óglaigh na hÉireann | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 1,400 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 75 | 1,475 | 1,476 | 1,447 |
| 3. | Aisghabháil ró-íocaíochtaí | | 40 | 33 | 55 |
| 4. | Iocaíochtaí a fuarthas maidir le seirbhís aistrithe | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 40 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (35) | 5 | 2 | 7 |
| 5. | Ilghnéitheach | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 70 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (18) | 52 | 21 | 22 |
| 6. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean maidir le luach saothair seirbhíse | | 3 | 3 | 3 |
| | **Iomlán** | | 5,600 | 5,657 | 5,940 |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Bhí meastachán diúltach forlíontach de €400,000 ag teastáil chun an chéad mheastachán a laghdú mar gheall ar easnamh a tharla go príomha mar gheall ar uimhreacha níos lú a bheith ag rannchuidiú le Céilí na bhFórsaí Cosanta agus le Scéimeanna Pinsin Leanaí.

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimsire) ag deireadh na bliana | 2 | 2 |

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 67 | 67 |
| ÁSPC an Fhostóra | 2 | 2 |
| **Pá iomlán** | **69** | **69** |

Tugann an bheirt bhall foirne tacaíocht riaracháin do Bhord na nArm-Phinsean. Mar aon leis na costais phárolla seo, íocadh €10,947 i leith taistil agus cothú in 2013.

Tá baint ag 26.7 fostaithe (WTEs) de chuid na Roinne Cosanta le riarachán pinsean agus íocaíochtaí gaolmhara eile. Is ionann a luach saothair agus thart ar €1.1milliún, agus gearrtar é ar Vóta 36.

# 6 Ilgnéitheacha

### 6.1 Ró-íocaíochtaí

Tá 77 cás de ró-íocaíochtaí ann san am i láthair dar fiú €46,015; baineann €31,650 den tsuim seo le blianta roimhe seo. Tháinig ró-íocaíochtaí arbh fhiú €84,351 iad chun cinn sa bhliain 2013. Den fhigiúr sin, aisghabhadh €68,053 agus díscríobhadh €1,933. Táthar ag féachaint faoi láthair leis na méideanna amuigh a aisghabháil.

| | € | € |
|---|---|---|
| **Iarmhéid tosaigh** | | **233,072** |
| Ró-íocaíocht a tugadh faoi deara in 2013 | | 84,351 |
| | | 317,423 |
| **Aisíoctha** | | |
| 2013 | 68,053 | |
| Réamh -2013 | 56,069 | |
| | | 124,122 |
| | | 193,301 |
| **Díscríofa** | | |
| 2013 | 1,933 | |
| Réamh -2013 | 145,353 | |
| | | 147,286 |
| **Iarmhéid deiridh** | | **46,015** |

Tugadh 225 ró-íocaíocht ar an iomlán faoi deara le linn 2013. Bhí 77 ró-íocaíocht ar an iomlán le híoc ar ais ag deireadh na bliana agus bhain 48 díobh le 2013 agus 29 le roimh an mbliain 2013.

### 6.2 Ró-íocaíochtaí Neamh-inghnóthaithe

Díscríobhadh ró-íocaíochtaí arbh fhiú €147,286 iad i ndáil le 2013 agus le blianta roimhe (2012 - €4,118) sin de réir Smachtbhanna S4.11.62 toisc gur measadh nach bhféadfaí iad a aisghabháil. Bhain na nithe díscríofa sin le 41 cás ina ndearnadh ró-íocaíochtaí comhlána dar luach €206,951. Den fhigiúr sin, aisghabhadh €59,665. I measc na 41 cás a bhí i gceist, bhí 2 chás ar leith ann arbh fhiú €136,208 san iomlán iad.